C/2025/6347

21.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12225 — LONE STAR FUNDS / HILLENBRAND)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6347)

1. An 13 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Lone Star Fund XII, L.P. (Stáit Aontaithe Mheiriceá), cleamhnaí de Lone Star Funds ('Lone Star', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Hillenbrand, Inc. ('Hillenbrand', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Lone Star rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Hillenbrand ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 15 Deireadh Fómhair 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Lone Star a chuireann comhairle ar chistí a infheistíonn ar fud an domhain i réadmhaoin, cothromas, creidmheas agus sócmhainní airgeadais eile. Tá 25 chiste cothromais phríobháidigh eagraithe ag Lone Star,

— Is cuideachta a thrádáiltear go poiblí é Hillenbrand a sholáthraíonn trealamh próiseála agus réitigh phróiseála ardteicneolaíochta do chustaiméirí ar an leibhéal domhanda le haghaidh raon leathan margaí deiridh, lena n-áirítear plaistigh mharthanacha, bia agus athchúrsáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12225 — LONE STAR FUNDS / HILLENBRAND

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.